



ACMHAINN 8

Sliocht as Dearbhú Schuman

Ba é Aire Gnóthaí Eachtracha na Fraince Robert Schuman a chuir Dearbhú Schuman i láthair ar 9 Bealtaine 1950. Moladh ann go gcruthófaí Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach agus go dtabharfadh na baill a dtionscal guail agus cruach isteach le chéile. Ba bhealach é seo chun cogadh eile idir an Fhrainc agus an Ghearmáin a sheachaint trí dheireadh a chur leis an iomaíocht le haghaidh acmhainní nádúrtha, i réigiún an Ruhr go háirithe.

‘Ba chóir go dtabharfadh comhthiomsú seo na táirgeachta guail agus cruach deis láithreach chun comhfhothaí don fhorbairt gheilleagrach a bhunú, mar chéad chéim i dtreo na cónaidhme Eorpaí. Athróidh sé cinniúintí na réigiún sin ar phríomhchúram dóibh le fada lón cogaidh a dhéanamh, agus iad féin mar na híospartaigh is buaine aige.’

Foinse: [Láithreán gréasáin an Aontais Eorpaigh](#)

Sliocht as ‘Bronnadh Dhuais Nobel na Síochána 2012 ar an Aontas Eorpach (AE) - Preaseisiúint’

‘Chinn Coiste Nobel na hIorua Duais Nobel na Síochána 2012 a bhronnadh ar an **Aontas Eorpach (AE)**. Le breis agus seasca bliain anuas tá an tsíocháin, an t-athmhuintearas, an daonlathas agus cearta an duine á gcur chun cinn san Eoraip ag an Aontas agus ag a réamhtheachtaithe. (...)’

Foinse: [Nobelprize.org](#). [Nobel Media AB 2014](#). Gréasán. 25 Lúnasa 2015

Athlua ó Larkin, Málta, 23 bliana d’aois

“My grandparents would have said ‘a dream’. My parents would have said ‘a process’. I say that it’s my everyday reality!

LARKIN, Malta, 23 years old



ÁRAS STAIR NA HEORPA

‘Is “aisling” a déarfadh mo chuid seantuismitheoirí. Is “próiseas” a déarfadh mo chuid tuismitheoirí. Deirimse gurb é fírinne an tsoil é a dtagaim trasna air lá i ndiaidh lae.’

Seo ceann de na buaiteoirí sa chomórtas a d’eagraigh institiúidí AE agus Fóram Eorpach na hÓige chun bronnadh Dhuais Nobel na Síochána ar AE a chomóradh. Iarradh ar dhaoine óga idir 13 agus 24 bliana d’aois an tuiscint atá acu ar shíocháin san Eoraip a mhíniú i dtéacs gairid.

Foinse: [Láithreán Gréasáin an Aontais Eorpaigh](#)

Sliocht as alt a foilsíodh ar an leagan Béarla de láithreán Gréasáin *Spiegel Online*

‘Tá cinneadh an choiste síochána cáinte freisin ag daoine a bhuaigh duais síochána Nobel roimhe seo, amhail an tArdeaspag Desmond Tutu as an Afraic Theas, Mairéad Maguire as Tuaisceart Éireann agus Adolfo Perez Esquivel as an Airgintín, iad ag rá go bhfuil AE ag brath ar fhorneart míleata chun go mbeadh slándáil ann. Thug Amnesty International rabhadh do cheannairí AE, ag cur fainic orthu “gan a bheith ar maos i mórthábhacht na duaise” fad a bhí seineafóibe agus éadulainge fós ag dul i méid i measc na 500 milliún saoránach atá san Aontas.’

Foinse: www.spiegel.de, 10.12.2012





Cartún: 'Teorainn na hEorpa'



'De réir mar a éirímid níos sibhialta (dar linn féin) is ea is mó a dhéanaimid ár ndícheall daoine eile a choimeád amach.'

Tjeerd Royaard, Gluaiseacht na gCartún © Tjeerd Royaard, Cartoon Movement

Cáineann an cartún seo beartas dian inimirce an Aontais Eorpaigh lena ndéantar iarracht deireadh a chur leis an sruth d'imircigh gan doiciméid thar a theorainneacha seachtracha isteach, go minic le cleachtais atá contrártha le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh

Foinse: Tjeerd Royaard, Gluaiseacht na gCartún

- An bhfuil ionadh ort gur bhuaigh AE Duais Nobel na Síochána in 2012? Cén fáth go bhfuil/nach bhfuil?
- Ar athraigh sé do chuid tuairimí faoin Aontas Eorpach in aon slí? Conas?